

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 158



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

4 Bealtaine 2023

Clár

I Rúin, moltaí agus tuairimí

MOLTAÍ

Bord Eorpach um Riosca Sistéamach

2023/C 158/01

Moladh an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach an 6 Márta 2023 lena leasáítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus ar chómhálartacht dheonach na mbeart sin (BERS/2023/1) 1

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 158/02

Rátaí malairte an euro — 3 Bealtaine 2023 7

V Fógairtí

IMEACHTA CÚIRTE

Cúirt an EFTA

2023/C 158/03

Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Fürstliches Obergericht dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2022 i gcás Alexander Amann (Cás E-14/22) 8

2023/C 158/04

Breithiúnas ón gCúirt an 24 Eanáir 2023 i gCás E-1/22 — G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited v Údarás Faireacháin CSTE (Státchabhair - Scéim Fóirdheontais Olla na hIorua - Caingean chun cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE a neamhniú - Diúltú do ghearán - Cinneadh a glacadh ag deireadh na céime réamhscrúdaithe - Ráiteas ar chúiseanna - Níl athrú substaintiúil ar chabhair atá ann cheana i gceist)..... 9

GA

| | | |
|---------------|--|----|
| 2023/C 158/05 | Breithiúnas ón gCúirt an 24 Eanáir 2023 i gCás E-5/22 Christian Maitz v Liechtensteinische Alters- und Hinterlassenenversicherung, — Liechtensteinische Invalidenversicherung, agus Liechtensteinische Familienausgleichskasse (Slándáil shóisialta – Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 – Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 – Áit chónaithe i dtríú tír – Duine féinfhostaithe – Infheidhmeacht dlí LEE – Moladh ón gCoimisiún Riaracháin – Airteagal 3 LEE – Prionsabal an chomhair dhílis) | 10 |
|---------------|--|----|

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

| | | |
|---------------|--|----|
| 2023/C 158/06 | Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí | 11 |
| 2023/C 158/07 | Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún | 16 |
| 2023/C 158/08 | Fógra le cur faoi bhráid Maulawi Rajab agus Sultan Aziz Azaman, ar cuireadh a n-ainm leis an liosta dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida, de bhua Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/908 ón gCoimisiún | 23 |

Ceartúcháin

| | | |
|---------------|---|----|
| 2023/C 158/09 | Ceartúchán ar Chinneadh ón gComhairle an 21 Márta 2023 lena gceaptar comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Danmhairg (IO C 109, 24.3.2023) | 25 |
|---------------|---|----|

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

BORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 6 Márta 2023

Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus ar chómhálartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2023/1)

(2023/C 158/01)

AN BORD GINEARÁLTA DON BHORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagal 458(8) de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽⁴⁾, agus go háirithe Roinn II de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽⁵⁾, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhálartacht dheonach.

⁽¹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

⁽²⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

⁽⁵⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

- (2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalmartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁶⁾ a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhalmartú sna Ballstáit eile.
- (3) Molann Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁷⁾ go ndéanfaidh an t-údarás gníomhachtaíthe ábhartha tairseach ábharthachta uasta a mholadh nuair a bheidh iarraidh ar chómhalmartú á cur faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS), ar faoina bhun is féidir a mheas gur neamhábharta neamhchosaint an tsoláthraí aonair seirbhísí airgeadais ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaíthe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (4) Cinneadh Uimh. 79/2019 ó Chomhchoiste LEE an 29 Márta 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2019/2133], ⁽⁸⁾ ionchorpraíodh Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE) le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Rinneadh Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus Rialachán (AE) 2020/873 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁽¹⁰⁾ enar tugadh isteach leasuithe suntasacha ar Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 383/2021 an 10 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE ⁽¹¹⁾ agus le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 301/2021 an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE ⁽¹²⁾, faoi seach. Tá Treoir (AE) 2019/878 agus Rialachán (AE) 2020/873 infheidhme anois san Iorua.
- (5) Le héifeacht ón 31 Nollaig 2020, tá institiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua faoi réir: (i) maolán um riosca sistéamach i gcás risíochtaí atá lonnaithe san Iorua, arna chur i bhfeidhm ag ráta 4.5 %, de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE; (ii) íosráta 20 % le haghaidh meánualuithe priacail (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB)); agus (iii) íosráta 35 % le haghaidh meánualuithe riosca (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann cur chuige IRB). Sholáthair údarais na hIorua tréimhse chéimnithe isteach chun an maolán um priacal sistéamach a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa nach n-úsáideann ardchur chuige IRB.
- (6) An 2 Feabhra 2021, chuir Finansdepartet (Aireacht Airgeadais na hIorua), ag gníomhú dó mar údarás ainmnithe na hIorua chun críocha Airteagal 133(1) de Threoir 2013/36/AE agus Airteagal 458(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 araon, iarraidh faoi bhráid BERS ar chómhalmartú an ráta maolánach um riosca sistéamach de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE agus le haghaidh na n-íosrátaí ualaithe riosca de bhun Airteagal 458(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

⁽⁶⁾ Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalmartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

⁽⁷⁾ Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalmartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

⁽⁸⁾ IO L 321, 12.12.2019, lch. 170.

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha, luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhantais caipitil (IO L 150, 7.6.2019, lch. 253).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2020/873 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2019/876 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe áirithe mar fhreagairt ar phaindeim COVID-19 (IO L 204, 26.6.2020, lch. 4).

⁽¹¹⁾ Cinneadh an 10 Nollaig 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽¹²⁾ Cinneadh an 29 Deireadh Fómhair 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

- (7) Tar éis iarraidh a fháil ó Finansdepartementet chuig BERS, ghlac BERS Moladh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽¹³⁾, agus ar an gcaoi sin na bearta sin a áireamh i liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2.
- (8) An 16 Nollaig 2022, thug Finansdepartet fógra do BERS go raibh sé ar intinn aige (i) an ráta maolánach um priacal sistéamach a athshocrú i gcás risíochtaí atá lonnaithe san Iorua is infheidhme maidir le gach institiúid chreidmheasa atá údaraithe san Iorua agus (ii) fósrátaí an ualaithe priacail is infheidhme maidir le risíochtaí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála atá lonnaithe san Iorua de chuid institiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua a shíneadh dhá bhliain bhreise trí úsáid a bhaint as cur chuige IRB. Ní dhéanann an t-athshocrú ar tugadh fógra ina leith agus síneadh na mbeart difear dá gcalabré ná dá ndearadh. Mar sin féin, chuir Finansdepartementet síneadh 4.5 % leis an tréimhse chéimnithe isteach chun an ráta maolánach um priacal sistéamach 4.5 % a chur i bhfeidhm ar institiúidí creidmheasa nach n-úsáideann ardchur chuige IRB go dtí an 30 Nollaig 2023. Go dtí an dáta sin, tá an ráta maolánach um priacal sistéamach is infheidhme maidir le risíochtaí atá lonnaithe san Iorua socraithe ag 3 % i gcás institiúidí creidmheasa nach n-úsáideann ardchur chuige IRB. Maidir le cómhálartú an bhirt sin, ba cheart tréimhse chéimnithe isteach chomhchosúil a chur i bhfeidhm ar institiúidí creidmheasa eachtracha nach n-úsáideann ardchur chuige IRB.
- (9) Áiríodh sna fógraí an 16 Nollaig 2022 freisin iarraidh ar BERS leanúint de chómhálartú na dtí bheart a mholadh. Maidir le comharaíocht an mhaoláin um priacal sistéamach, mhol Finansdepartementet go n-ísleofaí an tairseach ábharthachta agus go socrófaí é ag méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de NOK 5 bhilliún, arb ionann é agus thart ar 0.16 % de mhéid iomlán neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca d'institiúidí creidmheasa a thuairiscíonn san Iorua.
- (10) Tar éis iarraidh a fháil ó Finansdepartet chuig BERS agus chun (i) cosc a chur ar theacht chun cinn éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceite agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart beartais macrastuamachta a chuirtear i bhfeidhm san Iorua; agus (ii) cothrom iomaíochta a chaomhnú i measc institiúidí creidmheasa LEE, chinn Bord Ginearálta BERS leanúint de na bearta a chur san áireamh i liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2 agus chun leasú beag a dhéanamh ar pharaiméadair an mholta chun an maolán um riosca sistéamach a chómhálartú.
- (11) I gcomhréir leis an iarraidh ó Finansdepartementet, ba cheart an tairseach ábharthachta le haghaidh frithmhalartú an mhaoláin um riosca sistéamach a íslú agus a shocrú ag méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de NOK 5 bhilliún. Tá dlúthnasc idir margadh baincéireachta na hIorua agus margaí i dtíortha Nordacha eile amháil an Danmhairg, an Fhionlainn agus an tSualainn. I margadh airgeadais comhtháite, cuireann tairseach ábharthachta íseal cosc ar sceitheadh féideartha agus arbatráiste rialála, rud a chuireann le cobhsaíocht airgeadais agus cothrom iomaíochta a chaomhnú. Ina theannta sin, meastar an t-ualach riaracháin a eascraíonn as comharaíocht an mhaoláin um riosca sistéamach a bheith measartha íseal, ós rud é gur beart simplí caighdeánaithe é an maolán um riosca sistéamach atá le cur i bhfeidhm ag údaráis na hIorua, agus go bhfuil institiúidí creidmheasa agus údaráis in ann suíomh tíre na neamhchosaintí a shainaitheint cheana féin. Ós rud é go bhféadfadh sé gur ghá bearta frithingeacha náisiúnta nua a ghlacadh nó bearta atá ann cheana a leasú chun an tairseach ábharthachta a íslú, ba cheart feidhm a bheith ag an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chun bearta cómhálartacha a chur chun feidhme. Maidir le cómhálartú beart eile dá dtagraítear i bhfógraí an 16 Nollaig 2022, agus a leanann BERS de mholadh cómhálartúcháin ina leith, níl aon idirthréimhse nua beartaithe, ós rud é go bhfuil cómhálartacht molta cheana féin faoi Mholadh BERS/2021/3.
- (12) Thairis sin, cuireadh Moladh BERS/2021/3, lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 chun bearta na hIorua a chur san áireamh, chun feidhme nuair nach raibh institiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua faoi réir Threoir (AE) 2019/878 go fóill. Dá bhrí sin, bhí údaráis ábhartha sna Ballstáit a thrasuigh Treoir (AE) 2019/878 cheana féin in ann maolán na hIorua um riosca sistéamach a chómhálartú ar bhealach agus ar leibhéal a chuir san áireamh aon fhorlú nó difríocht sna ceanglais chaipitil is infheidhme ina mBallstát agus san Iorua. Rinneadh Treoir (AE) 2019/878 a ionchorprú i gComhaontú LEE ó shin agus tá sí infheidhme anois san Iorua freisin. Dá bhrí sin, ba

⁽¹³⁾ Moladh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 222, 11.6.2021, lch. 1).

cheart aon tagairt do Threoir (AE) 2019/878 a bhaint de Mholadh BERS/2015/2. Thairis sin, níor aimsigh BERS aon fhianaise go bhfuil an ráta maolánach um riosca sistéamach, arna athshocrú ag údaráis na hIorua, ag dúbláil, go hiomlán nó i bpáirt, ar fheidhmiú mhaolán na n-institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SII) dá bhforáiltear in Airteagal 131 de Threoir 2013/36/AE.

- (13) Ní dhéanann an leasú seo ar Mholadh BERS/2015/2 difear don leanúnachas a bhaineann le comhmalartú na mbeart macrastaumachta náisiúnta a chuir údaráis na hIorua i ngníomh an 31 Nollaig 2020 a mholadh, mar a leagtar amach i Moladh BERS/2021/3. Is leasuithe eagarthóireachta iad na leasuithe atá ann faoi láthair ar Mholadh BERS/2015/2, cé is moite d'íslíú na tairisí le haghaidh comharaíocht dheonach an mhaoláin um riosca sistéamach agus síneadh a chur leis an tréimhse um chéimniú isteach don mhaolán um riosca sistéamach d'institiúidí creidmheasa nach n-úsáideann ardchur chuige IRB. Dá bhrí sin, ní mholtar idirthréimhse athnuaithe chun aitheantas a thabhairt do bhearta na hIorua, mar a thuairiscítear i Moladh BERS/2021/3. Maidir leis an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, níl sí infheidhme ach amháin maidir le bearta, nó maidir le leasuithe orthu, lena dtugtar le fios an maolán um riosca sistéamach nach mór do na húdaráis náisiúnta a ghlacadh mar gheall ar an tairseach ábharthachta a íslíú.
- (14) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Leasuithe

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 faoi mar a leanas:

1. i Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fho-mholadh C(1):

- ráta maoláin um priacal sistéamach 4.5 % maidir le gach neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua, faoi Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua ón 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (*) (Comhaontú LEE) ('CRD de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022' anseo feasta), maidir leis na hinstiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua;
- íosráta 20 % le haghaidh meánualuithe riosca (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua, faoi Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí Chomhaontú LEE (dá ngairtear 'CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022'), ar institiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus úsáid á baint as an gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais caipitil rialála a ríomh;
- íosráta 35 % le haghaidh meánualuithe priacail (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022, maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus a úsáideann cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh."

(*) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.;

2. Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 6 Márta 2023

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhíne a ghabhann le Moladh BERS/2015/2:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad na mbeart faoin Iorua:

- ráta maoláin um priacal sistéamach 4.5 % maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua, faoi Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua ón 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (*) (Comhaontú LEE) (“CRD de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022 anseo feasta), maidir leis na hinstiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua;
- íosráta 20 % le haghaidh meánualuithe riosca (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua, faoi Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ar an 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí Chomhaontú LEE (dá ngairtear ‘CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua ar an 31 Nollaig 2022), ar instiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus úsáid á baint as an gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais caipitil rialála a ríomh;
- íosráta 35 % le haghaidh priacail (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022, maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus a úsáideann cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh.”;

2. I. Leasaítear cur síos ar na bearta mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Le héifeacht ón 31 Nollaig 2020, thug Finansdepartet (Aireacht Airgeadais na hIorua) trí bheart macrastaumachta isteach, eadhon (i) maolán um priacal sistéamach maidir le risíochtaí atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 133 de CRD de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022; (II) íosualú priacail le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach cónaithe atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022; agus (iii) íosualú priacail le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022.”;

(b) i mír 2, cuirtear ‘30 Nollaig 2023’ in ionad ‘31 Nollaig 2022’;

3. II. Leasaítear comharaíocht mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5a. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta na hIorua maidir le neamhchosaintí atá suite san Iorua a chómhgartú i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE agus le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi seach. Moltar d’údaráis ábhartha an ráta maolánach um riosca sistéamach a chómhgartú laistigh de 18 mí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (**) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart na híosrátaí ualaithe priacail le haghaidh risíochtaí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála san Iorua a chómhgartú laistigh den idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2021/3 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.”

5b. Ós rud é go bhféadfadh sé, le híslíú na tairisí ábharthachta dá dtagraítear i Moladh BERS/2023/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (***), go bhféadfadh sé go gceanglófaí ar údaráis ábhartha beart frithingeach náisiúnta nua a ghlacadh nó bearta náisiúnta atá ann cheana a leasú mar aon le beart maolánach um riosca sistéamach na hIorua, beidh feidhm ag an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis Moladh BERS/2023/1 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun bearta cómhgartacha a chur chun feidhme.

(**) IO C 222, 11.6.2021, lch. 1.

(***) Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, i gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, bearta beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis na bearta thuas a mholtar maidir le cómhalartacht a chur i bhfeidhm. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta coibhéiseacha a ghlacadh chun íosteorainn meánuaigh riosca a chómhgartú le haghaidh neamhchosaintí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála laistigh de 12 mhí agus chun an ráta maoláin um riosca sistéamach a chómhgartú laistigh de 18 mí, faoi seach, i ndiaidh fhoilsiú Moladh BERS/2021/3 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Sa mhéid go gceanglaítear le hísliú na tairisí ábharthachta ar údarás ábhartha beart frithingeach náisiúnta nua a ghlacadh mar a thairiscítear san fhómhír seo nó leasú a dhéanamh ar bhearta náisiúnta atá ann cheana féin lena gcómhgartútear beart maolánach um riosca sistéamach na hIorua, beidh feidhm ag an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2023/1 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh maidir le bearta cómhalartacha a chur chun feidhme.”;

(c) scriosadh mír 7;

4. in III. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tairisí ábharthachta, pointe (a) de mhír 8:

“(a) maidir leis an maolán um priacal sistéamach, socraítear an tairseach ábharthachta ag méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de NOK 5 bhilliún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 0.16 % de risíochtaí iomlána atá ualaithe ó thaobh riosca ar institiúidí creidmheasa a thairiscíonn san Iorua.”;

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

3 Bealtaine 2023

(2023/C 158/02)

1 euro =

| Airgeadra | | Ráta malairte | Airgeadra | | Ráta malairte |
|-----------|---------------------------|---------------|-----------|-----------------------------|---------------|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,1043 | CAD | dollar Cheanada | 1,5045 |
| JPY | yen na Seapáine | 149,66 | HKD | dollar Hong Cong | 8,6687 |
| DKK | krona na Danmhairge | 7,4514 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,7717 |
| GBP | punt steirling | 0,88265 | SGD | dollar Shingepór | 1,4704 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,3265 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 472,70 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9809 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 20,1657 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 150,10 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,6330 |
| NOK | krona na hIorua | 11,8860 | IDR | rupiah na hIndinése | 16 211,37 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaesia | 4,9174 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 23,559 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 61,083 |
| HUF | forint na hUngáire | 375,63 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,5820 | THB | baht na Téalainne | 37,524 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9302 | BRL | real na Brasaíle | 5,5521 |
| TRY | lira na Tuirce | 21,5057 | MXN | peso Mheicsiceo | 19,8311 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,6564 | INR | rúipí na hIndia | 90,3465 |

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

IMEACHTA CÚIRTE

CÚIRT AN EFTA

Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Fürstliches Obergericht dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2022 i gcás Alexander Amann

(Cás E-14/22)

(2023/C 158/03)

An 16 Samhain 2022, fuair Clárann na Cúirte iarraidh dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2022 a rinne Fürstliches Obergericht (Cúirt Achomhairc na Prionsachta), ar iarraidh í ar Thuairim Chomhairleach a fháil ó Chúirt CSTE i gcás Alexander Amann maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Maidir le Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 i ndáil le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, an gcuirtear cosc léi ar fhoráil amháil Mír 35(1)(c) de Threoirlínte Proifisiúnta Chomhlachas Dlíodóirí Lichtinstéin ina gcuirtear toirmeasc ar dhlíodóirí seirbhísí gairmiúla a thairiscint do chatagóirí sonracha de chliaint ionchasacha, ar fhoráil í atá le forléiriú, i gcomhréir leis an léirmhíniú a ghlac Liechtenstein Staatsgerichtshof (Cúirt Bhunreachtúil Lichtinstéin), mar “thoirmeasc ar dhlíodóirí fógraíocht réamhghníomhach a dhéanamh chun a gcuid seirbhísí a thairiscint i gcásanna áirithe do dhaoine nó do ghrúpaí daoine roghnaithe nár léirigh spéis iad féin sna seirbhísí sin”?
2. An gcaithfear Airteagal 24(1) de Threoir 2006/123/CE a léirmhíniú sa chaoi a chiallaíonn nach bhféadfaidh foráil náisiúnta, go ginearálta, toirmeasc a chur ar dhlíodóirí dul i teagmháil le cliant ionchasa trí litir a sheoladh chucu, ar a dtionscnamh féin, ar cliant ionchasacha iad nach raibh ina gcustaiméirí ag na dlíodóirí roimhe sin, agus i gcás inar aimsigh na dlíodóirí seoltaí pearsanta na gcliant ionchasa sin, agus toirmeasc a chur ar na dlíodóirí sin a seirbhísí a thairiscint do na cliant ionchasa sin, go háirithe trí chaingean a thionscnamh le haghaidh damáistí i gcás nach ndéanann an damáiste difear dóibh ach amháin mar infheisteoirí sa chás is fearr?

BREITHIÚNAS ÓN gCÚIRT**an 24 Eanáir 2023****i gCás E-1/22****G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited v Údarás Faireacháin CSTE**

(Státchabhair - Scéim Fóirdheontais Olla na hIorua – Caingean chun cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE a neamhniú – Diúltú do ghearán – Cinneadh a glacadh ag deireadh na céime réamhscrúdaithe – Ráiteas ar chúiseanna – Níl athrú substaintiúil ar chabhair atá ann cheana i gceist)

(2023/C 158/04)

I gcás E-1/22, G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited v Údarás Faireacháin CSTE – IARRATAS chun an Cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE i gCás Úimh. 84045 an 9 Samhain 2021, Scéim Fóirdheontais Olla na hIorua, a chur ar neamhniú, thug an Chúirt agus í comhdhéanta de Páll Hreinsson, Uachtarán (Breitheamh-Rapóirtéir), Bernd Hammermann agus Ola Mestad (ad hoc), na Breithiúna, thug sí a breithiúnas an 24 Eanáir 2023, arb é seo a leanas an chuid oibríochtúil de:

Tá an Chúirt, leis seo:

1. Ag diúltú don chaingean ina hiomláine;
2. Ag ordú do G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited a gcostais féin agus na costais a thabhaigh Údarás Faireacháin CSTE a íoc go comhphárteach agus go leithleach.

BREITHIÚNAS ÓN gCÚIRT**an 24 Eanáir 2023****i gCás E-5/22 Christian Maitz v Liechtensteinische Alters- und Hinterlassenenversicherung,
Liechtensteinische Invalidenversicherung, agus Liechtensteinische Familienausgleichskasse**

(Slándáil shóisialta – Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 – Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 – Áit chónaithe i dtrú tír – Duine féinfhostaithe – Infheidhmeacht dlí LEE – Moladh ón gCoimisiún Riaracháin – Airteagal 3 LEE – Prionsabal an chomhair dhílis)

(2023/C 158/05)

I gCás E-5/22, Christian Maitz v Liechtensteinische Alters- und Hinterlassenenversicherung, Liechtensteinische Invalidenversicherung, agus Liechtensteinische Familienausgleichskasse – IARRAIDH ar an gCúirt faoi Airteagal 34 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú ó Cúirt Achomhairc na Prionsachta (*Fürstliches Obergericht*), ar iarraidh í a bhaineann le léirmhíniú Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme, thug an Chúirt, agus í comhdhéanta de Páll Hreinsson, Uachtarán (Breitheamh-Rapóirtéir), Bernd Hammermann agus Ola Mestad (*ad hoc*), na Breithiúna, thug sí a breithiúnas an 24 Eanáir 2023, arb é seo a leanas an chuid oibríochtúil de:

1. Ní choinníoll é faoi Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta gur gá do náisiúnaigh Stáit LEE a bheith ina gcónaí i Stát LEE freisin chun go gcumhdaítear iad le raon feidhme pearsanta an rialacháin sin.

Maidir le comhaontú arna chur i gcrích ag Stát LEE le tríú tír, arb é is aidhm dó raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a leathnú chun an tríú tír sin a chumhdach, ní féidir leis an gcomhaontú sin áit chónaithe an duine a fhorchur mar choinníoll a imíonn ó Airteagal 2(1) agus 11 den rialachán sin.

2. Airteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme, ní mór an tAirteagal sin a léirmhíniú sa chiall nach n-éilítear leis go n-eiseofaí fianú i bhfoirm Doiciméid Iniompartha A1 amháin chun na héifeachtaí dlíthiúla a leagtar amach in Airteagal 5(1) den rialachán sin a bheith aige.

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 158/06)

Lena fhoilsíú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“Ciliegia di Lari”

Uimh. AE: PGI-IT-02855 - 30.6.2022

STFC () TGFC (X)

1. Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]

“Ciliegia di Lari”

2. Ballstát nó Tríú Tír

An Iodáil

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar

3.1. Cineál táirge [mar atá sé in Iarscríbhinn XI]

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Tagraíonn an tásca geografach faoi chosaint “Ciliegia di Lari” do thorthaí an tsilín mhilis *Prunus avium* L, ar den fhine *Rosaceae* iad. Clúdaítear ann réimse leathan cineálacha, idir cineál na feola íogair agus cineál na feola crua a bhfuil cnag ann, na craicne lonracha agus iad idir dath dearg geal agus dath dearg dorcha. Tá cineálacha áitiúla éagsúla ann freisin, cineálacha a chuireann leis an raon atá ar fáil do thomhaltóirí agus a chuireann cáilíochtaí breise ar fáil. Is iad na cineálacha sin:

Adriana, Big star, Bigarreau Moreau, Bigarreau Burlat, Bigarreau Napoleon, Black star, Celeste, Durone di Vignola, Early bigi, Early Korvik, Early star, Folfer, Ferrovia, Giorgia, Grace star, Isabella, Kordia, Kossara, Lala star, Lapins, Lory strong, New star, Prime Giant, Regina, Rita, Rocket, Sabrina, Samba, Sandra, Sylvia, SMS 280, Stella, Summer charm, Sunburst, Sweet Early, Sweet Heart, Van, Vera, Frisco, Royal Helen, Red Pacific, Nimba, Marysa, Durone giallo, Bella di Pistoia agus Durone nero I.

(1) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Saothróga áitiúla agus traidisiúnta: Crognolo, Cuore, Del Paretaio, Di Giardino, Di Nello, Di Guglielmo, Gambolungo, Marchiana, Morella, Papalina, Orlando, Precoce di Cevoli, Siso agus Usigliano.

Nuair a chuirtear ar fáil lena thomhailt é, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag an tásc geografach faoi chosaint “Ciliegia di Lari”:

Saintréithe cáilíochta

blas atá milis agus torthúil go nádúrtha

— na gais agus iad ceangailte leis an toradh

— méid siúcra nach lú ná 14° Brix.

Méid

Ní mór méid 22 mm ar a laghad a bheith i dtorthaí atá beartaithe lena n-ithé úr, cé is moite de thorthaí de chineálacha áitiúla nó traidisiúnta, arb é 13 mm an t-íosmhéid dóibh.

Saintréithe a bhaineann le sláinte agus saintréithe aeistéitiúla na dtorthaí

— bíonn siad iomlán agus gan damáiste

— bíonn siad glan, agus saor ó ábhair eachtracha shofheicthe ar bith

— bíonn siad sláintiúil, iad saor ó mhúscán agus is féidir iarmhair táirgí sláinte plandaí a fheiceáil orthu

— bíonn siad saor ó lotnaidí.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór “Ciliegia di Lari” a fhás sa limistéar a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir “Ciliegia di Lari” a chur ar fáil lena thomhailt i bpacáistíocht atá séalaithe ar bhealach a fhágann nach féidir, a luaithe a osclófar é, í a athúsáid.

Silíní atá beartaithe lena bpróiseáil agus nach féidir a chur ar fáil don tomhaltóir deiridh mar thorthaí úra, is féidir iad a dhíol i mbulc.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na tásca seo a leanas a bheith ar gach pacáistíocht:

a) CILIEGA DI LARI TGFC

b) Lógó “Ciliegia di Lari”, ar a bhfuil cur síos thíos

c) Lógó Eorpach TGFC sa réimse céanna radhairc ina bhfuil an lógó dá dtagraítear thuas, pointe (b);

d) ainm agus seoladh (gnó) an phacálaí.

Ceadaítear freisin úsáid a bhaint as tásca ar tagairtí iad do chuideachtaí, d’ainmneacha, d’ainmneacha gnólachtaí, do thrádmharcanna príobháideacha agus do chuibhreannais, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach dócha go gcuirfidh siad an ceannaitheoir ná an tomhaltóir ar míthreoir.

I gcás na silíní atá beartaithe lena bpróiseáil, ní mór na focail “Ciliegia di Lari TGFC le haghaidh próiseála” a bheith ar thaobh amháin ar a laghad den phacáistíocht nó den choimeádán i gcarachtair sholáite, chomh maith leis an bhfaisnéis a cheanglaítear de réir dlí. Is mar seo a leanas lógó “Ciliegia di Lari”:



Is féidir le méid an lógó a bheith éagsúil de réir na pacáistíochta, ach caithfidh na toisí caighdeánacha fanacht i gcomhréir.

4. Sainiú achomair ar an limistéar geografach

Cuimsíonn limistéar táirgthe an tásce geografach faoi chosaint “Ciliegia di Lari” críoch riaracháin na mbardas seo a leanas: Casciana Terme – Lari, Terricciola agus Crespina-Lorenzana.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an t-iaratas ar aitheantas “Ciliegia di Lari” bunaithe ar a cháil stairiúil agus ar cháilíocht an táirge. Tá sé seo amhlaidh mar gheall ar ghnéithe sonracha den limistéar geografach atá tairbheach do shaothrú crann silíní. Áirítear orthu sin an ithir agus an aeráid, tosca talmhaíochta, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha. Leis an idirghníomhaíocht idir na fachtóirí sin, rinneadh nasc idir clú an táirge agus an áit féin, a mhéid a ceanglaíodh é leis an ainm Lari.

De thoradh stair fhada tháirgeadh “Ciliegia di Lari”, tá dlúthchaidreamh curtha ar bun leis na tomhaltóirí. Is mór acu an tsaincháilíocht ar leith: binneas nádúrtha. Glacann tomhaltóirí leis gur airde an praghas ag an díolphointe ná an praghas ar shilíní ó áiteanna eile.

Bhí an limistéar geografach críochaithe dá dtagraítear i bpointe 4 ina limistéar suntasach táirgthe silíní i gcónaí, mar a léirítear i staidéir agus suirbhéanna stairiúla a rinneadh le déanaí (M. Basso, S. Natali, 1959; A. Funghi, 2004; údair éagsúla, arna chur in eagar ag R. Massai, 2013).

Is éard is saintréithe do limistéar táirgthe “Ciliegia di Lari” ithreacha agus dálaí aeráide atá an-oiriúnach chun crainn silíní a shaothrú. Bíonn tionchar díreach ag na fachtóirí seo ar cháilíocht an toraidh, cáilíocht arb í a mbinneas nádúrtha is cúis léi (méid siúcra i gcéimeanna Brix).

Is iad na huigeachtaí ithreach mar aon le patrúin teochta agus báistí an dá fhachtóir is saintréith do limistéar táirgthe “Ciliegia di Lari” agus is féidir leo tionchar a imirt ar cháilíocht na dtorthaí: an mhilseacht arna sloinneadh i gcéimeanna Brix.

— Is gaineamh, síolta agus cré atá in ithreacha talmhaíochta an limistéir, agus a bhfuil leis an méid uisce is féidir a stóráil iontu de ghnáth, tá na saintréithe fisiceacha acu a fhágann go bhfuil crainn ag na saothróirí a forbraíodh go cothrom ar feadh na dtrí chéim fheaneolaíoch: bláthú, téachtadh agus maolú na dtorthaí. Tá na céimeanna sin rithábhachtach chun torthaí a tháirgeadh agus an tiúchan siúcra is fearr is féidir a bheith iontu (céimeanna Brix).

— Tá go leor fachtóirí ar saintréithe de phatrúin teochta agus báistí an limistéir táirgthe iad, fachtóirí atá tairbheach maidir le silíní atá go milis go nádúrtha a tháirgeadh, gan aon fhachtóir diúltach a bheith ag gabháil leo. Ní gnách go mbíonn sioc déanach sa cheantar, ar rud é a d’fhéadfadh bac a chur ar bhláthú. Bíonn báisteach mheasartha ann in éineacht le teochtaí éadroma an earraigh, rud a chinntíonn go mbíonn an bláthú agus na torthaí is fearr is féidir ann. Mar an gcéanna, mar gheall ar an mbáisteach neamhrialta le linn na céime deiridh den aibiú, is beag fadhb a bhíonn ann maidir le silíní a bheith ag scoilteadh.

— Leis an tuiscint ar shaothrú na silíní a d'fhorbair feirmeoirí an cheantair thar thréimhse fhada, tá siad ábalta an tairbhe is mó a bhaint as saintréithe nádúrtha na talún a mheaitseáil le hacmhainneacht na gcineálacha éagsúla – meascán atá riachtanach chun torthaí ardchaighdeáin a tháirgeadh.

Is leathan an raon cineálacha a cheadaítear le haghaidh “Ciliegia di Lari” agus sin mar thoradh ar an gcothromaíocht a d'aimsigh na táirgeoirí idir an cumas dul in oiriúint don timpeallacht agus sásamh custaiméirí a bhaint amach, i bhfocail eile: an tsineirgíocht fhóna rathúil idir na silíní, an timpeallacht agus na hacmhainní daonna.

Sa raon cineálacha atá ann, tá idir torthaí ina bhfuil feoil bhog go leor acu agus torthaí ina bhfuil feoil chrua agus a bhfuil téagar iontu, agus is idir dearg geal agus dearg dorcha atá an dath a bhíonn orthu. Saintréithe eile de chuid an raoin is ea na cineálacha éagsúla áitiúla atá ann, cineálacha a chuireann leis an rogha atá ar fáil do thomhaltóirí agus a thairgeann cáilíochtaí breise (Roselli G., Mariotti P., *Il germoplasma del ciliegio* [Germoplasma an chrainn silíní] — 1. Provincia di Pisa, ARSIA e CNR Istituto sulla Propagazione delle Specie Legnose, Firenze, 1999).

“Ciliegia di Lari” sna meáin

I measc na bhfoilseachán ina luaitear “Ciliegia di Lari” tá: *L'Italia del biologico* [An Iodáil Orgánach], 2002, leathanach 86, Guida Touring Club italiano; Elena Tedeschi, *Toscana inconsueta. Appunti ed itinerari per viaggiare oltre* [An Toscáin nach bhfuil aithne uirthi, nótaí agus cúrsaí taistil i gcomhair turais ar chúl éaga], 2017, goWare;

Frutta e Ortaggi in Italia [Torthaí úra agus glasraí], 2005, Guida Touring Club italiano.

Reputation in the past and present [Dea-cháil san am atá caite agus san am i láthair]. Nuachtscannán arna dháileadh go náisiúnta sna pictiúrlanna— *La settimana INCOM*, Uimh. 01925, “Italy, Lari (Pisa): the fourth cherry festival” [An Iodáil, Lari (Pisa): an ceathrú féile silíní], 26 Bealtaine 1960, an chuideachta scannán INCOM a rinne, arna thabhairt ar láimh ag Luce Istituto ina dhiaidh sin. Taispeánann an eipeasóid gur cuid de gnáthstór focal agus de chaint tráchtála ó shin i leith é an t-ainm “Ciliegia di Lari”.

Fós sa lá atá inniu ann, déantar silíní an limistéir chríochaithe a shamhlú le maitheas agus binneas. Dá bhrí sin, is torthaí iad atá inaitheanta ag tomhaltóirí ag díolphointí i slabhraí móra miondíola ina ndíoltar an táirge faoin ainm “Ciliegia di Lari”.

Fágann na tosca sin go léir gur aithin tomhaltóirí táirge an limistéir chríochaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 thuas mar “Ciliegia di Lari” riamh agus gur mar sin a aithníonn siad é go fóill.

Cúlra stairiúil

Mar atá ráite ag údair éagsúla, tá fréamhacha ársa le saothrú “Ciliegia di Lari” i gcnoic Pisa. Cuireadh taithí na bhfeirmeoirí áitiúla ar aghaidh ó ghlúin go glúin, ar taithí í a bhfuil tacaíocht aici ó thaighde leanúnach agus ó chur i bhfeidhm teicnící saothraithe ar leith, agus ar dá toradh a réitíodh an bealach chun go mbeadh rath ar shaothrú “Ciliegia di Lari” de réir a chéile, agus é mar chuid d'oidhreacht stairiúil, thraidisiúnta agus chultúrtha limistéir ina bhfuil Lari ar an lárionad ó thaobh an chaomhnaithe agus na forbartha de.

Go stairiúil, leag doiciméid éagsúla béim ar chultúr agus ar thraidisiún na gcéadta bliain de shaothrú na silíní sna limistéir chríochaithe dá dtagraítear in Airteagal 3. On 18ú haois ar aghaidh, ba é an silín an rogha táirge sa mhargadh úd faoi stuara Lari a bhí ar cheann de na margáí ba mhó agus ba mheasúla i gcúige Pisa suas go dtí na 1950í. Bhí meas ag mórdhíoltóirí agus tomhaltóirí orthu, mar gheall ar an mblas álainn a bhí orthu agus mar gheall go dtagaidís in aibíocht go luath, rud a chuir borradh breise faoin táirgeadh, mar a chuir an praghas maith a íocadh as na silíní sin freisin. (Tremolanti E., “Profilo storico delle cultivar di ciliegio con particolare riguardo al territorio larigiano” [Próifíl stairiúil na saothróg silíní le tagairt speisialta do réigiún Lari], In *Spunti di Natura economica: cenni di storia di cerealicoltura, panificazione, viticoltura e cultivar di ciliegio* [Pointí de chineál eacnamaíoch: stair achomair ar shaothrú gránach, arán a dhéanamh, fionsaothrú agus saothróga silíní] CLD Libri, Calcinaia (Pi), 2010).

I bhfianaise thábhacht eacnamaíoch agus chultúrtha na silíní do Lari, sa bhliain 1957 reáchtáladh an chéad “Fhéile Silíní” i Lari a bhí le tionscnamh a chuir roinnt daoine áitiúla ar bun. Gan dabht, tá sé ar cheann de na himeachtaí dá leithéid is seanbhunaithe agus is fearr aithne, agus freastalaíonn na céadta cuairteoirí air. Ó 1957 i leith, bhí suas le 66 “Féile Oidhreachta Lari” ann gach bliain go dtí an lá atá inniu ann. Chomh maith lena fheiceálacht i réimse foilseachán, leis an leanúnachas sin léirítear an tábhacht eacnamaíoch agus chultúrtha a bhaineann leis an “Ciliegia di Lari” don cheantar inar cruthaíodh é go stairiúil.

Is léir an meas ar an táirge mar chomhábhar freisin in oidis na milseog a bhíonn le feiceáil ar an idirlíon, ar na suíomhanna gréasáin *popcuisine.it* agus *gazzettadelgusto.it* mar shampla. Tá oidis foilsithe freisin i leabhair chócaireachta, cosúil le *Il gelato a modo mio* [Mo bhealach féin le huachtar reoite], Simone Bonini, Giunti 2016.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

Tá téacs iomlán na sonraíochta táirge le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas:

<http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335>

nó mar rogha ar an méid sin:

trí dhul go díreach chuig leathanach baile don bheartas ón Aireacht um Thalmhaíocht, Bia, Foraoiseacht agus Turasóireacht (www.politicheagricole.it) agus cliceáil ar “Qualità” [Cáilíocht] (ar thaobh na lámhe deise ar bharr an scáileáin), agus ansin ar “Prodotti DOP IGP STG” [Táirgí STFC TGFC STR] (ar thaobh na lámhe clé den scáileán) agus ar deireadh ar “Disciplinari di Produzione all'esame dell'UE” [Sonraíochtaí a cuireadh faoi bhráid an Aontais].

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 158/07)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

“Vallée du Torgan”

PGI-FR-A1112-AM02

Dáta teachtaireachta: 24.2.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar díreach in aice láimhe

Leasaíodh Caibidil I, roinn 4.2 – Limistéar díreach in aice láimhe – den tsonraíocht le haghaidh thásc geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan”. Tugadh liosta na mbardas a áirítear sa limistéar atá díreach in aice láimhe cothrom le dáta, gan aon athrú, i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil 2022.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2022 den Chód Geografach Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don teorannú ar an limistéar geografach.

Tugadh an doiciméad aonair cothrom le dáta ag an bpointe “Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe”.

2. Cineálacha fíniúna

Leasaíodh Caibidil I, roinn 5 – Cineálacha fíniúna – den tsonraíocht le haghaidh thásc geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan”. Leasaíodh an liosta cineálacha roghnaithe le haghaidh tháirgeadh thásc geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan” mar a leanas:

— Tugadh isteach 13 chineál a mheastar a bheith “frithsheasmhach” in aghaidh galair fíniúna:

Artaban N, Cabernet Blanc B, Cabernet Cortis N, Floréal B, Monarch N, Muscaris B, Prior N, Saphira B, Soreli B, Sauvignier Gris Rs, Sauvignac B, Vidoc N, Voltis B.

— Tugadh isteach 14 chineál a bhfuil an poitéinseal acu oiriúnú don athrú aeráide:

Agiorgitiko N, Alvarinho B, Assyrtiko B, Calabrese N, Carricante B, Fiano B, Montepulciano N, Moschofilero Rs, Parrellada B, Primitivo N, Roditis Rs, Touriga Nacional N, Verdejo B, Xinomavro N.

Tá na cineálacha sin frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus galair fhungasacha. Agus saintréithe fiseolaíochta agus fíoneolaíochta acu atá cosúil leis na cineálacha a úsáidtear i dtáirgeadh TGFC, laghdaíonn siad an gá le táirgí cosanta plandaí. Ní dhéanann siad difear do shaintréithe fíonta TGFC.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

— Scriosadh na gcineálacha fionchaoire seo a leanas: Altesse B, Mondeuse N.

Tugadh anonn na leasuithe chuig an roinn “Cineálacha fionchaoire fíona” den doiciméad aonair.

3. Comhlacht cigireachta

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht le haghaidh thásc geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan” chun an roinn dar teideal “Comhlacht cigireachta” a shimpliú, ag sonrú gur gá comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a sheiceáil ar bhonn plean rialaithe formheasta agus trí chomhlacht tríú páirtí tarmhligthe ag INAO agus ráthaíochtaí maidir le iniúilacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas a thairiscint.

Ní dhéanann an simpliú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm(neacha)

Vallée du Torgan

2. Cineál táisc gheografaigh

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cumhdaítear fíonta dearga, rosé, *gris*, *gris de gris* agus geala le tásc geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan”.

Úsáidtear an téarma “*gris*” chun tagairt a dhéanamh d’fhíon rosé ar a bhfuil dath bándearg fíon-éadrom. Úsáidtear an téarma “*gris de gris*” chun tagairt a dhéanamh d’fhíongris a dhéantar go heisiach ó chineálacha fíniúna “G”.

I bhfíonta ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan” tá uasmhéid aigéadachta so-ghalaithe de 13,26 meq/l (0,65 g/l arna léiriú mar H₂SO₄), nó 15,30 meq/l (0,75 g/l in H₂SO₄) i gcás fíonta a bhfuil coipeadh malalachtach réidh lena n-aghaidh faoin uair a dhéantar iad a bhuidéalú.

Is ionann na leibhéil (íosta agus uasta) le haghaidh nirt alcóil iomlán de réir toirte, aigéadachta iomláine, agus dé-ocsaíde sulfair agus iad siúd a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Bíonn déine éagsúil datha sna fíonta dearga. I dtéarmaí dea-bholaidh agus blais, tá nádúr Meanmhuirí acu, agus blasanna de thorthaí dearga agus *garrigues* orthu, ar minic go dtagann mionbholaíthe spíosracha chun cinn iontu agus iad ag aibiú. Bíonn struchtúir éagsúla ar na fíonta ag brath ar an aois agus na próifíilí fíonóireachta, ach is iondúil go mbíonn tainníní mín, aibí iontu.

Bíonn réimse dathanna ar na rosés ón dath liath is éadroime i gcás fhíonta *gris de gris*, go himreacha bándearga níos dorcha ag brath ar na cineálacha fionchaoire agus na teicnící maothaithe a úsáidtear. Bíonn úire dhian sna fíonta sin atá mar shaintréith na mblasanna torthaíocha nó bláthacha.

Bíonn dath buí éadrom ar na fíonta geala den chuid is mo. Tá siad cothrom, idir olartha agus úr, agus dea-bholaidh thorthaíochta láidre orthu, de thoradh bán amhail péitseog nó aibreog de ghnáth.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|--|----|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 11 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir) | |

5. Cleachtais fionóireachta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha

Ní mór do na cleachtais déanta fíona uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh.

5.2. Uastáirgeacht

1. Fíonta dearga

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta rosé agus geala

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Maidir leis na fíonta a bhaineann le TGFC “Vallée du Torgan”, ní mór gur ar chríoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Aude a dhéantar na fíonchaora a bhaint agus na fíonta a tháirgeadh agus a fhorbairt: Paziols, Tuchan.

7. Cineál/cineálacha fíniúna

Agiorgitiko N

Alicante Henri Bouschet N

Alvarinho – Albariño

Artaban N

Assyrtiko B

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Cabernet Blanc B

Cabernet Cortis N

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Calabrese N

Carignan N

Carignan blanc B

Carmenère N

Carricante

CHARDONNAY B

Chasan B

Chenanson N

Chenin B

Cinsaut N – Cinsault
Clairette B
Clairette rose Rs
Colombard B
Côt N - Malbec
Fiano
Floreale B
Gamay N
Gewurztraminer Rs
Grenache N
Grenache blanc B
Grenache gris G
Gros Manseng B
Macabeu B – Macabeo
Marsanne B
Marselan N
Mauzac B
Merlot N
Monarch N
Montepulciano
Morrastel N – Minustellu, Graciano
Moschofilero Rs
Mourvèdre N – Monastrell
Muscaris B
Muscat d'Alexandrie B – Muscat, Moscato
Muscat de Hambourg N – Muscat, Moscato
Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato
Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato
Nielluccio N – Nielluciu
Négrette N
Parrellada B
Petit Manseng B
Petit Verdot N
Pinot Blanc B
Pinot Gris G
Pinot Noir N
Piquepoul blanc B
Portan N
Primitivo N – Zinfandel
Prior N
Riesling B
Roditis Rs
Roussanne B
Saphira B

Sauvignac
Sauvignon B – Sauvignon Blanc
Sauvignon Gris G - Fié gris
Semillon B
Soreli B
Souvignier Gris Rs
Sylvaner B
Syrah N – Shiraz
Tempranillo N
Terret blanc B
Touriga Nacional N
Ugni Blanc B
Verdejo B
Vermentino B – Rolle
Vidoc N
Viognier B
Voltis B
Xinomavro N

8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

8.1. Sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge

Tá an limistéar geografach, atá suite tuairim agus tríocha ciliméadar ón Meánmhuir i líne dhíreach agus soir ó Massif des Corbières i roinn Aude, i ndeisceart na Fraince Languedoc-Roussillon), agus is éard atá ann bardais Tuchan agus Paziols i mbunchnoic Mont Tauch (917 m). Cuimsíonn an tírdhreach limistéar lárnach “mar a bheadh gleann ann” agus tá fánaí crochta timpeall air. Agus os cionn 1 200 heicteár faoi fhíniúnacha sna dá bhargas, is iad fíniúna an príomhbharr.

Tá an teorainn thuaidh marcáilte le bearnas cúng, agus ina dhiaidh sin leanann an bóthar ar aghaidh i dtreo Villeneuve. San oirthear, déanann ardchlár aolchloiche Serre d'en Mouysset bacainn roimh an aer farraige. Sa deisceart, tá bóthar an-ghaofar i dtreo na teorainn le Roinn Pyrénées-Orientales. Sa deireadh, faightear bealach siar trí scornach ghéar a leanann abhainn Verdoube i dtreo shráidbhaile Cucugnan.

Tagann ainm TGFC “Vallée du Torgan” ó shruthán Torgan a shreabhann síos Mont Tauch agus a théann leis an Verdoube.

Mar gheall ar stair gheolaíoch chasta an limistéir seo tá éagsúlacht iontach ithreacha ann. As na fiche ithir a sainíodh dá bharr sin, is iad na cinn is coitianta na siostaí i dtuaisceart an limistéir, na hithreach snaíochair cailcreacha nó “grèzes” i mbunchnoic Mont Tauch, na marlaí Triasacha, na clocha cumaisc nó na comhcheirtleáin a dhéantar ag púróga atá caite ag uisce i limistéir arda Paziols agus soir ó Tuchan: tá siad go leor sách clochach agus iad de dhóimhneacht íseal go measartha. Sa deireadh, tá an limistéar lárnach déanta suas de léibhinn ghairbhéalacha agus ithreacha cré-aolchloiche atá níos doimhne.

Tá an aeráid aicmithe mar aeráid Mheánmhuirí, agus tá sé te agus tirim. 700 mm ar an meán a bhíonn sa fhrasaíocht bhliantúil, agus an chuid is mó den bháisteach ag titim ar líon teoranta laethanta sa fhómhar agus san earrach, ar minic a bhíonn sí i bhfoirm stoirmeacha toirní agus ceathanna troma. Faightear go leor gréine. Féadann gaoth láidir ó thuaidh ar a dtugtar an “Tramontane” (suas le 200 lá gaofar in aghaidh na bliana) séideadh go láidir ar feadh roinnt laethanta i ndiaidh a chéile, agus í ag sroicheadh luais de níos mó ná 80 km/h. Cabhraíonn an ghaoth thirim le coincheall a chomhrac le linn thréimhse an fháis agus cuireann sé teorainn le riosca *Botrytis cinerea* le linn na buainte.

I rith an 19ú céad, tugadh tús áite don fhíoniúireacht in áit gníomhaíochtaí talmhaíochta eile, go háirithe saothrú gránach agus crann olóige, a ndearnadh dochar dóibh ag sioc chrua le linn geimhreadh cruá.

Tar éis an ghéarchéim fiona in 1907 tháinig na saothróirí fíniúna le chéile chun comhar-fhíonlann Tuchan a thógáil in 1913 agus an ceann i Paziols an bhliain ina dhiaidh sin. Tá an limistéar sin oiriúnach ach go háirithe don fhíonóireacht.

I Feabhra 1987, tugadh aitheantas do “*vin de pays du Torgan*” i gcúig bhordas sa roinn. Ó 1990 tá sé teoranta don dá bhordas Tuchan agus Paziols ar chúiseanna a bhaineann le comhsheasmhacht gheagrafach agus saintréithe táirge.

Tá na cineálacha fíniúnacha a úsáidtear chun fionta TGFC “Vallée du Torgan” a tháirgeadh oiriúnaithe do na coinníollacha éiceolaíochta sa limistéar: ar an gcéad dul síos, na cineálacha traidisiúnta Meánmhuirí Carignan agus Grenache Noir, a bhfuil an dá cheann oiriúnaithe don srian mór ar uisce le linn an tsamhraidh agus do na hithreacha tanaí, éadoimhne ar na fánaí. Críochnaítear an réimse leis na cineálacha traidisiúnta geala agus gris Grenache eile, Maccabeu, Cinsault, Muscat d’Alexandrie agus Muscat à petit grain.

Tá obair athchuir ar siúl le 15 bliana anuas, trí chineálacha a roghnú atá an-oiriúnach don ithir agus don aeráid sa limistéar. Tá príomhról ag Merlot go dtí seo. Cuirtear ar na hithreacha is doimhne é, go háirithe ar earnáil ghlárach feadh abhainn Verdoube i Paziols. Cumasaítear leis sin fionta a tháirgeadh a chuireann solúbthacht agus fíneáltacht leis na cumaisc. Cuireann Marselan (a chuirtear ar ithreacha beagáinín níos tanaí) agus Syrah bolaithe láidre agus castacht le saintréithe na bhfionta.

Leis na rialacha diana lena rialaítear táirgeadh ráthaítear aibíocht na bhfíonchaor agus cáilíocht an táirge.

Toisc go mbuaintear na cineálacha agus iad ag buaic a n-aibíochta déantar an fion níos comhdhlúite, agus caomhnaítear solúbthacht, úire agus déine na dtorthaí. Is fionta de chineál aonair nó measccha iad na fionta.

Táirgtear idir 5 000 hl agus 10 000 hl d’fhíon Torgan in aghaidh na bliana, agus an chuid is mó de déanta ag comhar-fhíonlann Tuchan-Paziols agus fíonlann phríobháideach eile. Braitheann na méideanna a tháirgtear go mór ar choinníollacha thriomach an tsamhraidh.

Táirgtear na trí dhath fiona, ach fionta dearga is mó a dhéantar. Bíonn na fionta rosé á bhforbairt i gcónaí, ach saintréith tosaigh a bhaineann leo is iad na fionta *gris de gris*, a tháirgtear go bunúsach ó fhíonchaora Grenache gris atá an-choitianta sa limistéar.

8.2. Nasc cúisíoch idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge

Tá féiniúlacht láidir ag fionta TGFC “Vallée du Torgan” a thagann ó shaintréithe sainiúla an limistéir táirgthe. Mar gheall ar dhoimhneacht íseal go measartha na n-ithreacha, an aeráid Mheánmhuirí shuntasach agus na fionghoirt chnocacha atá suite idir 100 agus 300 m os cionn leibhéal na mara áirithítear go rialaítear fuinneamh na bhfíniúnacha agus go mbíonn meándifríocht bhliantúil de thart ar dheich lá le haghaidh aibíocht fíonchaor i gcomparáid le fionghoirt chósta.

Leis an aeráid the, thirim ar aeráid Mheánmhuirí go hiomlán í agus é breá grianmhar spreagtar na cineálacha TGFC le haibiú go foirfe, agus mar thoradh air faightear fionta dearga le torthaí dearga agus dea-bholaidh *garrigue*, chomh maith le fionta rosés, *gris* agus geala a bhaineann cothromaíocht amach idir olar, úire agus léiriú aramatach.

Baineann táirgeadh fiona “Vallée du Torgan” tairbhe freisin as tionscnamh cuideachtaí ag a bhfuil foirne díolacháin dea-struchtúrtha a chuireann chun cinn na fionta sin ar mhargaí traidisiúnta na Fraince, do mhiondíoltóirí móra, agus ar mhargaí onnmhairiúcháin.

A bhui leis an líonra dáileacháin sin ag a bhfuil naisc láidre leis an limistéar táirgthe, tá clú agus cáil tagtha ar fhionta “Vallée du Torgan” le 20 bliain anuas a cheadaíonn dóibh méadú táirgthe a phleanáil le freastal ar riachtanais margaí nua.

Mar gheall ar easpa bharr eile sa limistéar, saintréith dá thír dhreach iad na fíniúnacha agus iad ag spreagadh an gheilleagair sa dá bhordas.

Cuireann an meascán d’fhíonghoirt ceapaí bige le háirithe go gcoimeádtar limistéir glan i dtírdhreach foraoise a fhéadann tinte tarlú ann, agus dá bharr sin tá ról lárnach aige i gcaomhnú na bithéagsúlachta.

Leis na feabhsúcháin go léir atá déanta ag saothróirí fíniúna thar roinnt glúnta mar sin, is féidir turasóireacht fiona a chur chun cinn, agus feabhsaíonn sí sin faoi seach clú na dtáirgí agus ardaíonn sí a próifíl.

9. Coinníollacha breise fíon-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú leis an maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fronta a cháilíonn don tásca geografach cosanta “Vallée du Torgan”, na bardais seo a leanas atá ar theorainn an limistéir gheografaigh, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022 i leith:

Roinn L'Aude:

Albas, Albières, Auriac, Bouisse, Cascastel-des-Corbières, Coustouge, Cucugnan, Davejean, Dernacueillette, Duilhac-sous-Peyrepertuse, Durban-Corbières, Embres-et-Castelmaure, Félines-Termenès, Fontjoncouse, Fraissé-des-Corbières, Jonquières, Lairière, Lanet, Laroque-de-Fa, Maisons, Massac, Montgaillard, Montjoi, Mouthoumet, Padern, Palairac, Quintillan, Rouffiac-des-Corbières, Saint-Jean-de-Barrou, Saint-Laurent-de-la-Cabrerisse, Salza, Soulatgé, Termes, Thézan-des-Corbières, Vignevielle, Villeneuve-les-Corbières, Villeroque-Termenès, Villesèque-des-Corbières.

Roinn Pyrénées-Orientales:

Ansignan, Bélesta, Caramany, Cases-de-Pène, Cassagnes, Caudiès-de-Fenouillèdes, Espira-de-l'Agly, Estagel, Fenouillet, Fosse, Lansac, Latour-de-France, Lesquerde, Maury, Montner, Opoul-Périllos, Peyrestortes, Pia, Planèzes, Prugnanes, Rasiguères, Rivesaltes, Saint-Arnac, Saint-Martin-de-Fenouillet, Saint-Paul-de-Fenouillet, Salses-le-Château, Tautavel, Vingrau, Vira.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm cineáil fionchaoire amháin nó níos mó a chur le tásca geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan”.

Féadfar na téarmaí “primeur” nó “nouveau” a chur le tásca geografach faoi chosaint “Vallée du Torgan”.

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta “Vin de Pays” in ionad an téarma “Indication géographique protégée” (Tásca geografach faoi chosaint), ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-5e316de2-332d-4137-9b0b-d3174f0bbdec

Fógra le cur faoi bhráid Maulawi Rajab agus Sultan Aziz Azaman, ar cuireadh a n-ainm leis an liosta dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida, de bhua Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/908 ón gCoimisiún

(2023/C 158/08)

1. Le Cinneadh (CBES) 2016/1693 ⁽¹⁾ ón gComhairle iarrtar ar an Aontas cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo, eadhon cistí agus acmhainní eacnamaíocha chomhaltáí na n-eagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida agus cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair, grúpaí, gnóthas agus eintiteas eile atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí sin, dá dtagraítear sa liosta a tarraingíodh suas de bhun UNSCR 1267(1999), 1333(2000) agus 2253(2015) atá le tabhairt cothrom le dáta go rialta ag an gCoiste de chuid na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun UNSCR 1267(1999) (“an Coiste Smachtbhannaí”).

Áirítear na nithe seo a leanas leis an liosta a tharraing suas an Coiste NA sin:

- SIIS (Da'esh) agus Al Qaida;
- daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis, comhlachtaí agus grúpaí atá bainteach le SIIS (Da'esh) agus Al Qaida; agus
- daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aon duine de na daoine bainteacha sin nó aon cheann de na heintitis, comhlachtaí nó grúpaí bainteacha sin nó a thacaíonn leo sin ar bhealach eile.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na gníomhartha agus leis na gníomhaíochtaí lena léirítear go bhfuil duine aonair, grúpa, gnóthas nó eintiteas “bainteach le” SIIS (Da'esh) agus Al Qaida:

- (a) maidir le gníomhartha nó gníomhaíochtaí a dhéanann SIIS (Da'esh) agus Al Qaida, páirt a ghlacadh sna gníomhartha nó sna gníomhaíochtaí sin chun iad a mhaoiniú, a phleanáil, a éascú, a ullmhú nó a dhéanamh, i gcomhar le SIIS (Da'esh) agus Al Qaida, nó le haon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh, ina n-ainm, thar a gceann nó chun tacaíocht a thabhairt dóibh;
- (b) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar d'aon cheann díobh, a dhíol leo nó a aistriú chucu;
- (c) earcú thar ceann aon cheann díobh; nó
- (d) tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha nó do ghníomhaíochtaí dá gcuid ar aon bhealach eile.

2. An 26 Aibreán 2023, d'achtaigh an Coiste Smachtbhannaí iontrálacha Maulawi Rajab agus Sultan Aziz Azam le liosta Choiste Smachtbhannaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida.

Féadfaidh Maulawi Rajab agus Sultan Aziz Azam, tráth ar bith, iarraidh a chur faoi bhráid Ombudóir na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh é a chur ar liosta na Náisiún Aontaithe dá dtagraítear thuas. Ba cheart iarrataí den sórt sin a chur chuig an seoladh seo a leanas:

Na Náisiúin Aontaithe - Oifig an Ombudóra
Seomra DC2-2206
Nua-Eabhrac, NY 10017
STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

Teil. +1 2129632671

Facs +1 2129631300/3778

R-phost: ombudsperson@un.org

Tá tuilleadh eolais le fáil anseo

https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/1267/aq_sanctions_list/procedures-for-delisting

⁽¹⁾ IO L 255, 21.9.2016, lch. 25.

3. I ngeall ar an gCinneadh ó na Náisiúin Aontaithe dá dtagraítear i mír 2, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/908 ^(?), lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida ^(?). Leis an leasú, a dhéantar de bhun Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, cuirtear ainmneacha Maulawi Rajab agus Sultan Aziz Azam leis an liosta in Iarscríbhinn I den Rialachán sin ("Iarscríbhinn I").

Tá feidhm ag na bearta seo a leanas de Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 maidir leis na daoine aonair agus na heintitis a áirítear in Iarscríbhinn I:

- (1) reoitear na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar leis na daoine aonair agus na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn I iad, mar aon le cistí agus acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, faoi rialú nó i seilbh na ndaoine agus na n-eintiteas sin, lena n-áirítear tríú páirtí agus é ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir na ndaoine agus na n-eintiteas sin atá i gceist, agus toirmeashtar (ar gach duine) cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil d'aon duine de na daoine aonair nó d'aon cheann de na heintitis a liostaítear nó a chur ar fáil dá dtairbhe, go díreach nó go hindíreach (Airteagal 2 agus 2a); agus
- (2) toirmeashtar comhairle, cúnamh nó oiliúint theicniúil a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata a thabhairt, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine de na daoine aonair nó d'aon cheann de na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn I (Airteagal 3), lena n-áirítear, go háirithe, oiliúint agus cúnamh a bhaineann le hairm agus ábhar de gach cineál lena mbaineann a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid.

4. Déantar foráil le hAirteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 maidir le próiseas athbhreithnithe lena dtugtar deis don duine nó don eintiteas atá liostaithe a thuairimí ar an ábhar a chur in iúl. I gcás ina dtugtar barúlacha, déanfaidh an Coimisiún a chinneadh an duine nó an t-eintiteas a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a athbhreithniú i bhfianaise na mbarúlacha sin. Féadfaidh daoine aonair agus eintitis a chuirtear le hIarscríbhinn I le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/908 iarraidh a dhéanamh ar an gCoimisiún maidir leis na forais lena liostú a chur in iúl dóibh. Ba cheart an iarraidh sin agus aon bharúil a chur chuig an seoladh seo a leanas:

an Coimisiún Eorpach
"Bearta Sriantacha"
Rue Joseph II 54
1049 Bruxelles/ Brussel
BELGIQUE/BELGIË

5. Tugtar ar aird do na daoine aonair agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/908 a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

6. Tugtar ar aird do na daoine aonair agus do na heintitis a áirítear in Iarscríbhinn I gur féidir iarratas a dhéanamh chuig na húdaráis áitiúla sna Ballstáit ábhartha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, chun údarú a fháil le cistí agus acmhainní eacnamaíocha reoite a úsáid le haghaidh riachtanais riachtanacha nó íocaíochtaí sonracha i gcomhréir le hAirteagal 2a den Rialachán sin.

^(?) IO L 116, 4.5.2023, lch. 10.

^(?) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Chinneadh ón gComhairle an 21 Márta 2023 lena gceaptar comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Danmhairg

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 109 an 24 Márta 2023)

(2023/C 158/09)

Ar leathanach 71, Airteagal 1,

in ionad: 'I. IONADAITHE RIALTAIS',

léitear: 'II. IONADAITHE CEARDCHUMAINN'.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)